

# An Toghchán Uachtaránachta an 26 Deireadh Fómhair 2018



**Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**  
**Standards in Public Office Commission**

**Tuarascáil ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí  
chuig an gCéann Comhairle de bhun an Achta Toghcháin, 1997, arna leasú.**

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí  
18 Sráid Líosain Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2  
D02 HE97**

**Teileafón: 01 6395666  
Ríomhphost: info@sipo.ie  
Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie  
Twitter: @SIPOCIreland**

**Iúil 2019**

## Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a chur faoi bhráid Chathaoirleach Dháil Éireann (Ceann Comhairle) de réir fhorálacha alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú (an tAcht).

Na Ráitis Speansas Toghcháin/Dearbhuithe Reachtúla dá dtagraítear sa tuarascáil, tugadh iad don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) de bhun alt 56 den Acht. Maidir leis na Ráitis Síntiús/Dearbhuithe Reachtúla dá dtagraítear sa tuarascáil, tugadh iad de bhun alt 48 den Acht. Maidir leis na Deimhnithe Síntiús Airgid/Dearbhuithe Reachtúla agus na ráitis ó institiúidí airgeadais, tugadh iad de bhun alt 48B den Acht.

Faisnéis mhionsonraithe faoi cheanglais na reachtaíochta maidir le:

- síntiús pholaitíochta a nochtadh,
- teorainneacha ar luach na síntiús a bhféadfar glacadh leo,
- síntiús thoirmiscithe,
- teorainneacha ar chaiteachas toghcháin, agus
- speansais toghcháin a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe

tá sí sna Treoirínte don Toghchán Uachtaránachta 2018 atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin.



---

An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe  
Cathaoirleach  
Iúil 2019

## Caibidil 1: Réamhrá

De bhun alt 6 d'Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993, rinne an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ordú an 28 Lúnasa 2018 lenar ceapadh an 26 Deireadh Fómhair 2018 mar lá ar a ndéanfar “an vótáil (más ann) ag an toghchán”. Ainmníodh seisear iarrthóirí chun dul san iomaíocht sa toghchán.

De réir fhorálacha Chuid VI den Acht, ceanglaíodh ar ghníomhairí toghcháin uachtaránachta na n-iarrthóirí sa toghchán uachtaránachta na nithe seo a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 56 lá i ndiaidh lá na vótála (i.e. faoin 21 Nollaig 2018):

- Ráiteas Speansas Toghcháin/Dearbhú Reachtúil;
- Ráiteas Síntiús Toghchán Uachtaránachta/Dearbhú Reachtúil;
- Deimhniú Síntiús Airgid Toghchán Uachtaránachta/Dearbhú Reachtúil agus Ráiteas Banc.

Chun cabhrú le hiarrthóirí agus gníomhairí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh, d'fhoilsigh an Coimisiún na *Treoirínte don Toghchán Uachtaránachta 2018* uaidh an 31 Lúnasa 2018. Cumhdaíodh sna Treoirínte príomhcheanglais an Achta Toghcháin maidir leis na nithe seo a leanas: síntiúis pholaitíochta; caiteachas toghcháin; agus speansais toghcháin a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe.

D'fhoilsigh an Coimisiún dréachtleagan de na treoirínte i mí Lúnasa 2018. Leis sin, tugadh deis do gheallsealbhóirí soiléiriú a iarraidh agus aiseolas a thabhairt ar na treoirínte. Cuireadh na tuairimí a soláthraíodh ar áireamh nuair a bhí an leagan deiridh de na treoirínte á fhoilsiú tar éis dhéanamh an ordaithe vótaíochta.

Foráiltear le halt 4(1) den Acht go mbreithneoidh an Coimisiún um Chaighdeáin gach ráiteas a thugtar dó agus go bhféadfaidh sé, nuair is cuí leis déanamh amhlaidh, tuarascáil a thabhairt don Cheann Comhairle ar aon ní a thagann chun cinn i ndáil le Ráitis Síntiús agus le Ráitis Speansas Toghcháin arna dtabhairt don Choimisiún faoin Acht.

Baineann an tuarascáil seo leis na tuairisceáin reachtúla a tugadh maidir le hiarrthóireacht an tseisir iarrthóirí sa toghchán uachtaránachta 2018.

Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar na doiciméid reachtúla a tugadh dó, is deimhin leis an gCoimisiún nár sháraigh aon iarrthóir an teorainn caiteachais agus nach bhfuair aon iarrthóir aisíocaíocht speansas toghcháin i leith caiteachas nár speansas toghcháin é.

Tugtar i gCaibidil 3 na mionsonraí ábhartha a bhaineann le síntiúis agus le speansais i dtaca leis an toghchán.

## Caibidil 2: Faisnéis ghinearálta a bhaineann leis an toghchán uachtaránachta

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin *Treoirlínte don Toghchán Uachtaránachta 2018* agus d'eisigh sé cóip chuig gach gníomhaire toghcháin uachtaránachta. Leagtar amach iontu na ceanglais a bhaineann le nithe éagsúla amhail glacadh le síntiúis agus iad a nochtadh, síntiúis thoirmisce, cuntais síntiúis polaitíochta agus caiteachas ag an toghchán.

Chomh maith leis sin, tugadh deis do ghníomhairí toghcháin uachtaránachta bualadh le comhaltaí de Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin roimh an toghchán chun aon cheisteanna a bhí acu a chur.

Tá an méid seo a leanas ina achoimre ar fhaisnéis úsáideach ábhartha.

### Faisnéis Úsáideach

<b>Cuntas síntiúis polaitíochta</b>	Ar shíntiúis <b>€100</b> a fháil, ní mór d'iarrthóir cuntas síntiúis polaitíochta a oscailt (mura bhfuil ceann ar oscailt cheana féin).
<b>Síntiúis airgid thirim</b>	Is é <b>€200</b> an síntiúis uasta airgid thirim a bhféadfaidh iarrthóir glacadh leis ó shíntiúsóir in aon bhliain féilire.
<b>Síntiúsóirí corparáideacha</b>	Is é <b>€200</b> an síntiúis uasta a bhféadfaidh iarrthóir glacadh leis ó shíntiúsóir corparáideach in aon bhliain féilire, ach amháin i gcás go bhfuil an síntiúsóir corparáideach cláraithe ar an gClár de Shíntiúsóirí Corparáideacha arna choimeád ar bun ag an gCoimisiún
<b>Síntiúsóirí aonair</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Ní mór gach síntiúis os cionn <b>€600</b> a fhaigheann iarrthóir a nochtadh ar an Ráiteas Síntiúis.</li><li>• Is é <b>€1,000</b> an síntiúis uasta a bhféadfaidh iarrthóir glacadh leis ó dhuine aonair nó ó shíntiúsóir corparáideach in aon bhliain ar leith</li></ul>
<b>Isíntiúis</b>	I gcás go dtugann síntiúsóir síntiúis do bheirt fhaighteoirí nó níos mó (do níos mó ná ball amháin den aon pháirtí amháin nó do bhall amháin nó níos mó den pháirtí agus don pháirtí é féin) ar mó a luach comhiomlán ná <b>€1,500</b> , beidh ceangal ar an síntiúsóir foirm síntiúis a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi alt 24(1)(a)
<b>Síntiúis thoirmisce</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Ní fhéadfar glacadh le síntiúis gan ainm os cionn <b>€100</b></li><li>• Ní fhéadfar glacadh le síntiúis ón gcoigríoch, de luach ar bith, ó áiteanna lasmuigh d'oileán na hÉireann, seachas saoránach Éireannach ar a bhfuil cónaí nó gnó atá lonnaithe lasmuigh d'oileán na hÉireann i gcás go gcoimeádann sé/sí oifig ar oileán na hÉireann óna stiúrtar ceann amháin ar a laghad dá phríomhghníomhaíochtaí.</li></ul>

## Dátaí ábhartha agus teorainneacha

an 28 Lúnasa 2018 go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2018 (agus an dá dháta sin san áireamh)	Tréimhse toghcháin
€750,000	Teorainn caiteachais don toghchán uachtaránachta
an 10 Nollaig 2018 (45 lá tar éis lá na vótála 2018)	Ní mór éilimh ar íocaíocht le haghaidh speansais toghcháin ó sholáthraithe a bheith faighte ag an ngníomhaire toghcháin faoin dáta seo
an 21 Nollaig 2018 (56 lá tar éis lá na vótála 2018)	An dáta nach mór ráitis speansas toghcháin, ráiteas síntiús toghchán uachtaránachta/deimhniú síntiús airgid/ráitis bhainc a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán faoi
€200,000	An tsuim uasta aisíocaíochta a fhéadfaidh iarrthóir cáilitheach a éileamh i dtaca le speansais toghcháin

## Caibidil 3: Síntiúis agus speansais toghcháin a nochtadh

B'ionann na síntiúis a nochtadh agus €74,300. B'ionann na speansais toghcháin a nochtadh agus €1,360,417.

Tá na Ráitis Síntiús aonair agus na Ráitis Speansas Toghcháin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin - [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie).

Tábla 1: Síntiúis a nochtadh i dtaca leis na hiarrthóirí

Ainm an Iarrthóra	Gníomhaire Toghcháin Uachtaránachta	Luach iomlán na síntiús > €600
Peter Casey	Francis Callaghan	—
Gavin Duffy	Eugene Gallagher	—
Joan Freeman	Richard Mulcahy	24,000
Seán Gallagher	Cathal Lee	9,000
Micheál D. Ó hUigínn	Conor Power	41,300
Liadh Ní Riada	Treasa Quinn	—
<b>Iomlán</b>		<b>74,300</b>

Féach Aguisín 1 chun sonraí iomlána a fháil faoi na síntiúis a fuarthas.

Tábla 2: Speansais toghcháin a nochtadh i dtaca leis na hiarrthóirí

Ainm an Iarrthóra	Speansais Toghcháin arna dtabhú ag Gníomhaire Toghcháin (slánaithe go dtí an € is gaire)
Peter Casey	119,911
Gavin Duffy	163,438
Joan Freeman	253,194
Seán Gallagher	246,820
Micheál D. Ó hUigínn	367,338
Liadh Ní Riada	209,716
<b>Iomlán</b>	<b>1,360,417</b>

Tábla 3: Sonraí faoi speansais toghcháin

Ainm an larrthóra	Peter Casey	Gavin Duffy	Joan Freeman	Seán Gallagher	Micheál D. Ó hUigínn	Liadh Ní Riada	Iomlán
Fógraíocht	25,778.86	6,030.60	—	—	49,869.73	7,441.50	<b>89,120.69</b>
Poiblíocht	42,776.44	52,609.28	61,016.68	22,884.09	18,531.38	9,809.05	<b>207,626.92</b>
Póstaeir Toghcháin	—	—	—	—	75,342.97	79807.65	<b>155,150.62</b>
Ábhar Eile Toghcháin	—	41,386.01	74,741.89	169,111.45	143,018.54	84047.26	<b>512,305.15</b>
Oifig agus Stáisean-óireacht	9,225.00	12,636.10	17,308.80	19,693.57	36,518.34	736	<b>96,117.81</b>
Iompar agus Taisteal	10,916.35	17,354.90	6,932.24	27,189.11	5,618.64	27874.16	<b>95,885.40</b>
Taighde Margaidh	2,656.80	—	2,460.00	—	—	—	<b>5,116.80</b>
Oibríthe Feachtais	28,557.85	33,420.90	90,734.87	7,942.00	38,438.42	—	<b>199,094.04</b>
Speansais Toghcháin a Tabhaidh	<b>119,911.30</b>	<b>163,437.79</b>	<b>253,194.48</b>	<b>246,820.22</b>	<b>367,338.02</b>	<b>209,715.62</b>	<b>1,360,417.43</b>

## Caibidil 4: Aisíocaíocht le haghaidh speansais toghcháin

Foráiltear le halt 21A(1)(A) den Acht do speansais toghcháin a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe i dToghchán Uachtaránachta.

D'fhonn cáiliú d'aisíocaíocht, ní mór

- gur toghadh iarrthóir sa toghchán, nó
- go bhfuair iarrthóir, i gcás nár toghadh é/í, aon cheathrú den chuóta ag aon chéim den chomhaireamh vótaí.

Is é €200,000 an tsuim uasta a fhéadfar a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe i dtoghchán uachtaránachta. Bhí iarrthóirí a cháiligh d'aisíocaíocht incháilithe, dá bhrí sin, do €200,000 nó do shuim iarbhír na speansas toghcháin a tabhaíodh thar a gceann a fháil, cibé acu ba lú.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeán faoi alt 21(A)(1)(d) den Acht a dheimhniú don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go bhfuil iarrthóir incháilithe le haghaidh aisíocaíocht a fháil i leith a speansas toghcháin.

Tá sé de chleachtas ag an gCoimisiún um Chaighdeán gan foirm iarratais ar Aisíocaíocht Speansas Toghcháin a eisiúint chuig iarrthóir cáilithe go dtí go dtabharfar gach ní a bhaineann lena t(h)uairisceán reachtúil chun críche.

Sa toghchán uachtaránachta 2018, cháiligh beirt iarrthóirí san iomlán le haghaidh aisíocaíocht speansas toghcháin. B'ionann agus €319,911.30 suim iomlán na n-aisíocaíochtaí a deimhníodh i dtaca leis an toghchán uachtaránachta.

Tábla 4: Aisíocaíochtaí a eisíodh

Ainm an Iarrthóra	Speansais Toghcháin a Tabhaíodh €	Suim na haisíocaíochta €
Peter Casey	119,911.30	119,911.30
Micheál D. Ó hUiginn	367,338.02	200,000.00
<b>Iomlán</b>	<b>487,249.32</b>	<b>319,911.30</b>



## Caibidil 6: Foilsiú ráiteas síntiús agus ráiteas speansas toghcháin

De réir fhorálacha an Achta,

- rinneadh cóip leictreonach de gach ráiteas síntiús a fuair an Coimisiún um Chaighdeán ag an toghchán Uachtaránachta a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas;
- rinneadh cóip de gach ráiteas speansas toghcháin a tugadh don Choimisiún um Chaighdeán i ndáil leis an toghchán Uachtaránachta agus ar deimhin leis an gCoimisiún um Chaighdeán gur comhlánaíodh i gceart iad a leagan go leictreonach faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas; agus
- tá na ráitis síntiús agus na ráitis speansas toghcháin a fuair an Coimisiún um Chaighdeán, mar aon leis na sonraisc, na hadmhálacha agus na dearbháin ábhartha, á gcur ar fáil lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil ag an bpobal in oifigí an Choimisiúin um Chaighdeán ar feadh tréimhse trí bliana.

## Aguisín 1 Sonraí faoi na Síntiúis a Nochtadh

<b>Iarrthóir</b>	<b>Síntiúsóir</b>	<b>Luach an tsíntiúis €</b>
<b>Joan Freeman</b>	David Albericci	1,000
	Imelda Albericci	1,000
	Shane Connaughton	1,000
	Nicola Culhane	1,000
	Olivia Dowling	1,000
	Richard Drumgoole	1,000
	David Kennan	1,000
	* James Kennedy	1,000
	Avril Kenny	1,000
	Barry Kenny	1,000
	John Lowe	1,000
	* Michael Madden	1,000
	Dean McCarthy	1,000
	Paul McCarthy	1,000
	Yvonne McCarthy	1,000
	Stephen Mannix	1,000
	PJ Nolan	1,000
	Robert O'Brien	1,000
	Garrett Peers	1,000
	Jackie Power McCarthy	1,000
	David Raethorne	1,000
Brian Raythorn	1,000	
John Regan	1,000	
* Desmond Walsh	1,000	
<b>Iomlán</b>		<b>24,000</b>

<b>Iarrthóir</b>	<b>Síntiúsóir</b>	<b>Luach an tsíntiúis €</b>
<b>Seán Gallagher</b>	* Michael Brewster	1,000
	Fergal Feeny	1,000
	Catherine Hoyne	1,000
	Michael Hoyne	1,000
	* Margaret Hynes	1,000
	** Hatch Street Consultancy Ltd	1,000
	** Earlsfort Capital Partners Limited	1,000
	** Earlsfort Capital Partners 2 Limited	1,000

	** Earlsfort Capital Partners 3 Limited	1,000
<b>Iomlán</b>		<b>9,000</b>

<b>Iarrthóir</b>	<b>Síntiúsóir</b>	<b>Luach an tsíntiúis €</b>
<b>Micheál D. Ó hUiginn</b>	Liam Cahill	1,000
	Henry Cleary	1,000
	Martina Cleary	1,000
	Regina Cleary	1,000
	John Coyle	1,000
	Michael Dwan	1,000
	Pauline Dwan	1,000
	David Evans	1,000
	Mark Garrett	1,000
	* Martin Keith	1,000
	Conor Kenny	1,000
	Ross Lewis	1,000
	Amelia McDonald	1,000
	Christine McGrath	1,000
	Joanne McGrath	1,000
	Eileen McKiernan	1,000
	Elizabeth McKiernan	1,000
	Paddy McKiernan	1,000
	Susan McLoughlin	1,000
	Annette Mee,	1,000
	David Mee, Tathuille	1,000
	Denise Mee	1,000
	Jeanette Mee	1,000
	Jennifer Mee	1,000
	Michael Mee	1,000
	Zara Mee	1,000
	Tom O'Connor	1,000
	Ronnie O'Gorman	1,000
	Brian O'Malley	1,000
	Margaret O'Malley	1,000
	Sean Pairceir	1,000
	Sheila Peters	1,000
	Ruth Powell	659
Tom Purcell	1,000	
Padraic Rathigan	1,000	
John Rogers	1,000	
Deirdre Rudden	1,000	
Charles J Sinnott	1,000	

	John Sutton	1,000
	Thereasa Sweeney	641
	Glenn Taggart	1,000
	** Scoil Ghnó na Gaillimhe	1,000
<b>Iomlán</b>		<b>41,300</b>
<b>Iomlán Foriomlán</b>		<b>74,300</b>

\* Saoránach Éireannach (tá an seoladh a tugadh lonnaithe lasmuigh d'oileán na hÉireann)

\*\* Síntiúsóir Corparáideach Cláráithe